

Comhairle le linn COVID-19:

# Filleadh ar scoil Comhairle do Thuismitheoirí



Tá gach duine ag obair ar a ndícheall le cinntiú gur féidir na scoileanna a athoscailt go sábháilte don fhoireann, do dhaltai agus a dteaghlach.

Beidh formhór na ndaltai ag tnúth le fillleadh ar scoil agus beidh áthas agus sceitimíní orthu faoi. D'fhéadfadh beagán imní a bheith ar chuid acu faoi fhilleadh. Is gnáth mothúchán é seo agus rudaí ag athrú. Socróidh a bhformhór daltaí isteach go luath nuair a théann siad i dtaithí ar na rialacha agus ar na gnáth chúrsaí nua.

Meabhraigh dóibh faoi na gnéithe dearfa a bhaineann le fillleadh ar scoil – cosúil leis an teagmháil a bheidh acu le cairde agus bheith rannpháirteach arís le gníomhaíochtaí na scoile.




## Rialacha agus gnáthaimh nua atá le leanúint ar mhaithe le sábháilteacht chuide duine:



➤ **Dea-chleachtais niochán lámha agus sláinteachais** – tábhachtach do gach dalta. Déan cinnte go bhfuil a fhios ag do leanbh gur ceart ciarsúr a úsáid le casacht nó sraoth a chlúdach, nó iad a dhéanamh isteach ina uillinn.

➤ **In ardranganna bunscoile agus in hiar-bhunscoileanna - ní mór do chuide duine** – nósanna imeachta maidir le scaradh fisiceach a leanúint.



➤ **I mBhunscoileanna** – b'fhéidir nach mbeidh ar na leanai is óige scaradh fisiceach a chleachtadh, ach go n-eagrófar i ngrúpaí beaga iad. D'fhéadfadh rialacha nua a bheith ann maidir le leanai a fhágáil isteach ar scoil agus iad a phiocadh suas.

➤ Ba cheart do bhaill fhoirne i ngach scoil, agus do dhaltai iar-bhunscoile, **clúdach aghaidhe a chaitheamh** nuair nach féidir fad 2 mhéadar a choinneáil idir daoine.



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

Comhairle le linn COVID-19:

# Filleadh ar scoil Comhairle do Thuismitheoirí



## Rialacha agus gnáthaimh nua atá le leanúint ar mhaithe le sábháilteacht chuile duine:

➤ Spreag do leanbh le **siúl nó rothaíocht ar scoil** más féidir agus má tá sé sábháilte.



➤ **Iompar scoile** – beidh suíochán sannta ag gach dalta agus beidh ar dhaltai iar-bhunscoile clúdach aghaidhe a chaitheamh agus iad ag fanacht ar bhus, agus le linn dóibh a bheith ar bord an bhus.

➤ **Déanfaidh na scoileanna teagmháil dhireach le teaghlaigh** maidir lena athoscailt. Bígí ag **labhairt lena chéile** sa bhaile faoi na nithe ar féidir leis na leanaí a bheith ag súil leo ag iad agr fhilleadh ar an scoil.



➤ Cabhróidh **gnáthaimh shláintiúla** le dul i dtáithí ar fhilleadh ar an scoil. Spreag do leanbh **fillleadh de réir a chéile ar ghnáth am luí an téarma scoile**.

➤ Cabhraigh le do leanbh ithe go sláintiúil, aclaíocht a dhéanamh agus dul ar ais i dteagmháil lena gcairde.



➤ Ní ceart do dhaltai a bhfuil siomptóim Covid-19 acu, lena n-áirítear fiabhras, casacht, gearranáil nó deacrachtaí anála, nó cailliúint nó athrú i mboladh nó i mblas freastal ar an scoil. **Glaigh ar do dhochtúir agus lean treoracha an FSS (HSE.ie)** maidir le féinleithliú. Déan cinnte go mbíonn a fhios ag daltaí má bhíonn siad tinn ar scoil gur ceart dóibh é a rá leis an múinteoir láithreach.

➤ Tuigean na múinteoirí nach raibh sé éasca do dhaoine óga staidéar a dhéanamh sa bhaile le linn do na scoileanna a bheith dúnta.



Cuimhnigh ar go bhfuil á gcion féin le déanamh againn uile gach duine a shocrú ar ais ar scoil.

Tuilleadh eolais: [gov.ie/filleadharscoil](https://gov.ie/filleadharscoil)